



## scoil BHLIAIN 2021/2022

A Thuismitheoirí, a chairde,

Bhéinn an-bhuíoch daoibh ach cúpla nóiméad a ghlacadh leis an nuachtlitir agus na nótaí iniata a léamh agus na foirmeacha sonraí pearsanta agus leighis a líonadh agus a sheoladh ar ais chun na scoile ar an gcéad lá. Tá eolas an-thábhachtach sa nuachtlitir agus tá sé tábhachtach go mbeadh sé léite ag gach duine.

Athosclóidh an scoil don scoilbhliain nua ar an gCéadaoin an 1 Meán Fómhair. Is ábhar misnigh dúinn a fheiceáil go bhfuilimid ag bogadh sa treo ceart ó thaobh an paindéim a shárú agus táimid ag súil go mór le bliain iomlán scoile, gan aon chianfhoghlaim a bheith againn i 2021/2022. Is é firinne an scéil, áfach, go mbeidh an víreas seo linn go ceann tamaill agus ní mór dúinn ar fad ár gcuid a dhéanamh lena chinntiú nach gcuirtear oideachas lánaimseartha, inscoile na bpáistí i mbaol.

**Is beag athrú atá tagtha ar na treorlínte sláinte scoile nó ar na rialacha maidir le podanna agus bolgáin ranga srl. a d'eisigh an Roinn Oideachas & Scileanna agus a cuireadh i bhfeidhm sa scoil anuraidh. Marsin leanfar leis na prótacail Covid-19 mar atá leagtha amach i bPlean Freagartha Covid-19 na scoile, a cur i bhfeidhm don scoilbhliain seo ag teacht (cóip seolta ag gach tuismitheoir/caomhnóir)**

Bainigi taitneamh as na laethanta deiridh de shaoire scoile na páistí.

As we approach the beginning of another school year I would appreciate it if you would take a few minutes to read over this newsletter and attached documents and complete the Pupil Personal Details Form and return it to the school on the first day back. There is some really important information contained in the newsletter and should there for be read by all.

The school will re-open for the new school year on Wednesday the 1<sup>st</sup> of September. It is encouraging to see that we are moving in the right direction in terms of overcoming the pandemic and we look forward to an uninterrupted 2021/2022 school year, with no remote learning. However, the reality is that this virus will be with us for some time to come and we **must all do our part to ensure that the children's full-time, in-school education is not jeopardised.**

There is little change to the Department of Education & Skills school health guidelines, the rules and regulations regarding class pods, bubbles etc. that were implemented in the school last year. There for the Covid-19 Protocols, as set out in the school's Covid19 Response Plan, will continue to be implemented into the coming school year (a copy of which will be sent to all parents/guardians).

Táimid ag súil go mór leis na páistí ar fad a fheiceáil ar ais ar scoil ar an gCéadaoin 1 Meán Fómhair. Enjoy the remaining days of the school holidays.

*Enn Le Chianchaotha*



Beidh an scoil ag ath-oscailt don scoilbhliain 2021/2022 ar an gCéadaoin 1 Meán Fómhair 2021

The school will re-open for the 2021/2022 school year on  
Wednesday 1 September 2021 at 8.50am.

## Achoimre Treoracha Covid-19 – socraithe praiticiúla scoile

Beidh comhoibriú Pobal uile na Scoile – Bord Bainistíochta, Ceannaireacht Scoile, Foireann, Tuismitheoirí agus Daltaí, ag teastáil lenár scoil a choinneáil sábháilte agus oscailte. Ní mór dúinn go léir ár gcuid a dhéanamh lena chinntiú gur áit shábháilte í an scoil do na daltaí agus don fhoireann trí ár ndícheall a dhéanamh cuidiú le scaipeadh an víris a chosc agus **ligean d’obair ríthábhachtach an Teagaisc agus na Foghlama dul ar aghaidh gan bhac.**

Iarraimid oraibh a chinntiú go bhfuil treoracha sláinte COVID-19, fadú sóisialta srl. á chomhlíonadh agaibh sa bhaile & nuair a bhíonn sibh i gcomhlúadar daoine eile lasmuigh den baile. Tá sé rí-thábhachtach go gcoinnítear dalta ar bith le teocht agus siomtaim ar bith de chuid COVID-19 sa bhaile agus go bhfaightear comhairle dochtúra sula seoltar an dalta sin ar ais isteach ar scoil. Má tá amhras ar bith ann go bhféadfadh COVID-19 a bheith ar an bpáiste nó ar aon duine sa chlann NÍOR CHEART an dalta a sheoladh ar scoil.

**Clúdach aghaidhe:** Clúdaigh aghaidhe le caitheamh ag GACH DUINE, páistí & daoine fásta agus iad ar láthair na scoile (ón ngeata isteach). Tuismitheoirí le fanacht lasmuigh de gheataí na scoile.

**Páirceáil:** Ní bheidh cead páirceála ar thailte na scoile ach ag tuismitheoirí na Naíonáin (níl ach méid beag páirceála ar fáil) Beidh córas tuirlingthe i bhfeidhm os comhair ionaid páirceála na foirne. Níl cead ag éinne carr a fhágáil sa chrios tuirlingthe seo.

**Daltaí R1 go R6:** le teacht isteach leo féin ó gheata na scoile.

Iarrtar ar thuismitheoirí slán a fhágáil leo ag an ngeata nó níos fearr fós ligint dóibh a mbealach féin a dhéanamh go dtí an scoil de shiúl cois nó ar an rothar má tá sé sin indéanta. Siúlfaidh na páistí díreach isteach sa scoil agus suas go dtí an seomra ranga. Beidh cead isteach sa scoil ag na páistí óna **8:50am** agus ní roimhe sin – Níl sé ceadaithe páistí a fhágáil ag an scoil nó ar lathair na scoile roimh an am sin. Beidh múinteoirí ag na doirse le fáilte a chur roimh na páistí agus iad a threorú go dtí a seomraí ranga.

**Doirse Isteach:** Doras 1 – N1 & R3, Doras 2 R4 & R5, Doras 3 R1, Doras R2 & R6, Doras 5 N2

Beidh cead ag **tuismitheoirí R1** na daltaí a shiúl chomh fada leis an doras isteach don chéad cúpla lá go dtéann siad i dtailthí ar an gcóras. Beidh R1 ag dul isteach tríd Doras 3 - an doras tosaigh (léarscáil leis seo)

**Naíonáin Shinsearacha:** Beidh N2 ag bailiú ar chlós 1 – an Cúirt Cispheile ag **9:00am**. Beidh línte ranga á dhéanamh acu amuigh ar an gclós agus baileoidh na múinteoirí ranga iad ansin. Beidh ar thuismitheoirí clúdach aghaidhe a chaitheamh, fadú sóisialta a choinneáil agus Gaeilge a labhairt agus iad ag siúl na páistí go dtí an líne ranga. Níor cheart na páistí a bheith ar an gclós roimh 9:00am. Beidh na páistí le bailiú in aice leis na ráillí idir an cúirt cispheile agus ionad páirceála na dtuismitheoirí ag am dul abhaile ag 1:40pm.

**Naíonáin Shóisearacha:** Beidh N1 ag bailiú ar an gclós os comhair na scoile ag 9.00am. Beidh línte ranga á dhéanamh acu amuigh ar an gclós agus baileoidh na múinteoirí ranga iad ansin. Beidh ar thuismitheoirí clúdach aghaidhe a chaitheamh, fadú sóisialta a choinneáil agus Gaeilge a labhairt agus iad ar láthair na scoile. Iarrtar oraibh gan a bheith ar an gclós roimh a 9:00am ionas gur féidir leis na daltaí ó R1 go R6 a mbealach a dhéanamh isteach sa scoil sula dtagann na naíonáin & a gcuid tuistí ar láthair na scoile. Beidh na páistí le bailiú san áit chéanna ag am dul abhaile 1:40pm (12:00 don chéad coicis).

**Don chéad lá ar scoil:** Céadaoin 1 Meán Fómhair beidh na Naíonáin shóisearacha ag tosú ag **9.15am** (seachas 9:00am) le seans a thabhairt do na daltaí eile ar fad a bheith imithe isteach sa scoil agus suaimhneas & síochán a chinntiú do na naíonáin agus iad ag teacht isteach don chéad lá ar scoil. Iarraimid oraibh gan bailiú ar an gclós roimh an am tosaithe sin le bhúr dtoil. Fanfaimid amuigh ar an gclós go mbíonn na páistí ar fad tagtha – ná bí buartha faoi sin.

Beidh na naíonáin shóisearacha ag dul abhaile ag 12.00pm ar feadh coicise – Céadaoin 1 Meán Fómhair go Máirt 14 Meán Fómhair agus ag 13.40pm ina dhiaidh sin.


**Bolgáin Ranga:** Déanfar na daltaí a struchtúrú i mBolgáin Ranga ie bolgáin ranga a fhanann scartha ó ranganna eile an oiread agus is féidir. Beidh gach Bolgán (rang) ag obair mar aonad aon féin, gan measca le haon rang eile.

**Podanna Ranga:** beidh gach rang roinnte i bPodanna nó ‘i ngrúpaí’ laistigh den Bolgán Ranga. (Ní haon rud nua í seo - tá taithe ag na páistí ar a bheith suite i ngrúpaí ag ‘boird’ éagsúla)

**Plean Freagartha Covid-19 :** Tá Gaelscoil Thaobh na Coille tiomanta ionad oibre sláintiúil agus sábháilte dár bhfoireann ar fad agus timpeallacht foghlama shábháilte dár ndaltaí uile a chothú. Is féidir Plean Freagartha COVID-19 na scoile a léamh ina iomláine ar shuíomh ghréasáin na scoile [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)


## Ranganna Sóisearacha : N1 go R2

Bunurlár - Ground Floor



## Ranganna Sinsearacha : R3 go R6

Céadurlár - First Floor



## Summary of Covid-19 Protocols – practical arrangements

Keeping our school safe and open will require the co-operation of all members of our School Community – BoM, School Leadership, Staff, Parents and Pupils. We must all play our part in ensuring that the school is a safe place for the pupils and staff by doing our best to help prevent the spread of the virus and allowing the vital work of Teaching and Learning to proceed with as little disruption as possible.

We ask all parents to adhere the national COVID-19 health guidelines and continue to practice social distancing etc. at home & when in the company of others outside the home. It is very important that any student with a temperature or displaying any of the COVID-19 symptoms, is kept at home and that medical advice is sought before returning the pupil to school. If there is any suspicion that the child or anyone in the family may have COVID-19 the pupil should NOT be sent to school and should remain at home until they have been given the all-clear to return to school.

**Face coverings:** Face coverings to be worn by EVERYONE, children & adults alike, while on school grounds (from the entrance gate in). Parents to stay outside the school gates.

**Parking:** Only parents with children in the Infant classes will be allowed to park on school grounds (limited parking available). A Drop and Go system will be in place in front of the staff car park. No one is allowed to leave a car unattended in the Drop and Go Zone.

**R1 to R6 :** R1 to R6 pupils to enter school grounds unaccompanied. Parents are asked to say goodbye to them at the gate or better yet allow them to make their own way to school on foot or by bicycle if possible. The children will walk straight into the school and up to their respective classrooms. Children will be allowed into the school from 8:50am and not before - Children should not to be dropped off to school before 8.50am. Teachers will be at the doors to welcome the children and guide them to their classrooms.

**Entrance Doors:** Door 1 - N1 & R3, Door 2 R4 & R5, Door 3 R1, Door R2 & R6, Door 5 N2 (see map attached)

**R1 parents** will be allowed to walk the pupils as far as the entrance door for the first couple of days until they are accustomed to the new entrance way. R1 will enter through Door 3 - the front door

**Senior Infants:** N2 will gather on yard 1 - Basketball Court at 9:00 am. They will stand in line in the yard and the class teachers will collect them there. Parents will be required to wear face coverings, maintain social distancing and speak Irish when they are with their children on school grounds. Children and parents should not be on the yard before this time **9:00am. The children will be collected next to the railings between the basketball courts and the parent's car park at the end of the day 1:40pm**

**Junior Infants:** N1 will gather in the yard in front of the school at 9.00am. They stand in line in the yard and the class teachers will collect them there. Parents will be required to wear face coverings, maintain social distancing and speak Irish while on school grounds. Please do not collect in the yard before 9:00 am so that pupils from R1 to R6 can make their way into the school before the infants & their parents arrive at the school grounds.

**Change of start time for Junior infants on the First Day:** For the first day of school – Wednesday 1<sup>st</sup> September the Junior Infants will start at 9.15am (instead of 9:00 am) to ensure that all the other pupils will have entered the school and **ensure that everything is peaceful & tranquil for the infants on their first day at 'big' school. Please do not collect in the yard before that start time.** We'll stay out in the yard until all the children have arrived – so don't worry about being late.

The Junior infants will be going home at 12.00pm for the first fortnight – Wednesday 1<sup>st</sup> September to Tuesday 14<sup>th</sup> September and at 13:40pm thereafter.

**Class Bubbles** – In order to reduce the risk of infection pupils and their teachers will be structured into Class Bubbles i.e. a class grouping which stays apart from other classes as much as possible.

**Class Pods:** the class will be broken up into Pods or 'groups' within the Class Bubbles - this is not new as the children are already used to sitting with their 'bord' or group within the class.

**COVID-19 Response Plan:** Gaelscoil Thaobh na Coille is committed to providing a safe and healthy workplace for all our staff and a safe learning environment for all our pupils. You can read our school's Covid-10 Response Plan on our website [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)

## Múinteoirí : 2021/2022

N1A	An Múinteoir Cliona Seoighe		
N1B	An Múinteoir Aoifa Ní Earcáin	R3A	An Múinteoir Bróna Ní Bhaoill
N1C	An Múinteoir Deirdre Uí Dhónaill	R3B	An Múinteoir Niamh Ní Dhúill
N2A	An Múinteoir Ciara Ní Bháille	R4A	An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh
N2B	An Múinteoir Sinéad Ní Chuirneáin	R4B	An Múinteoir Deirdre Uí Dhiomasaigh
R1A	An Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh	R5A	An Múinteoir Tomás Mac Uileagóid
R1B	An Múinteoir Aoife Ní Bheacháin	R5B	An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha
R2A	An Múinteoir Sinéad Nutley	R6A	An Múinteoir Sarah Ní Fhallaí
R2B	An Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh	R6B	An Múinteoir Máire Mhic Gabhann & An Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh
TF	An Múinteoir Caitríona Bairéad		
TF	An Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa		
TF	An Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn		
TF	An Múinteoir Orla Bradshaw (Nicole Ní Lia)	PO	An Múinteoir Emer Nic Chonchradha



## Socraithe Fóirne : Staff Arrangements

Ba mhaith liom fáilte ó chroí a chur roimh na múinteoirí ar fad ar ais ar scoil agus go speisialta leis an Múinteoir Aoife Ní Bheacháin atá ag tosú linn i mbliana, Tá an-áthas orainn fáiltiú roimpi ar fhoireann na scoile agus guimíd gach rath uirthi agus ar mhúinteoirí uile na scoile don bhliain scoile amach romhainn. Beidh an Múinteoir Nicole Ní Lia linn ar feadh seal ag tús na bliana sula nglacann sí bliain le dul ag taisteal agus sula dtagann An Múinteoir Bradshaw a bheidh ar ais linn freisin gan mhoill tar éis saoire mátharachais. Tá an Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh & an Múinteoir Treasa Ní Argáin ag glacadh briseadh gairme ón scoil i mbliana. Guimíd gach rath agus sonas orthu don bhliain amach rompu.

I would like to extend a huge welcome back to school to all the teachers and especially an Múinteoir Aoife Ní Bheacháin who is starting with us this year. We are delighted to welcome Aoife to our staff and wish her and all the teachers all the best for the coming school year. An Múinteoir Nicole Ní Lia will be with us for a couple of weeks at the beginning of the year before she takes a year out to go traveling and until An Múinteoir Orla Bradshaw returns from Maternity leave. An Múinteoir Richeal Ní Thiarnaigh & an Múinteoir Treasa Ní Argáin are taking career breaks for the coming school year. We wish them all the best of adventures for the coming year.



## Páirceáil : Parking

Ní bheidh cead páirceála ar fhearann na scoile ach ag foireann na scoile (spásanna páirceála os comhair na scoile) agus tuistí na naíonáin. **Is d'fhoireann na scoile amháin na hionaid páirceála os comhair na scoile amach.**

Beidh córas tuirlingthe i bhfeidhm ionas gur féidir le tuistí nach bhfuil aon rogha acu ach na páistí a thiomáint ar scoil, tiomáint isteach ar láthair na scoile, daltaí a scaoileadh amach as an gcarr agus tiomáint ar aghaidh amach geata na scoile arís. Molaimid go mór dóibh siúd gur féidir leo é siúl nó rotháíocht chun na scoile. Más gá an carr a úsáid le páistí a thabairt ar scoil is ceart páirceáil píosa beag ón scoil agus siúl isteach go Gleanntán Beallairmin. Beifear ag súil go bhfágfar daltaí ó R1 go R6 ag geataí na scoile agus go ndéanfaidh siad a mbealach féin isteach ón ngeata go dtí an seomra ranga.

Parking places in the school grounds and in the vicinity of the school are extremely limited. Parking on school grounds is reserved for staff members (parking spaces to the front of the school) and the parents of children in the infant classes.

**Parking in the car parking spaces to the front of the school is reserved for school staff only.**

A Drop and Go system will be in place for those who have no option but to drive their children to school. Those parents may drive in through the school gates, stop momentarily to allow their children to alight the car and then they must continue on with their journey. We strongly recommend that those of you who can, walk or cycle to school. If you have to drive your child/children to school you should park a little bit away from the school and walk into Belarmine Vale. Pupils from R1 to R6 should be dropped off at the school gates and make their own way into their own classrooms.



Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí aon deacracht nó fadhb atá ag a bpáiste a phlé leis an múinteoir ranga nó leis an bpríomhoide. Ar an drochuair ní bheidh tú in ann labhairt leis an múinteoir de réir prótacail COVID-19 gan teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaí chun coinne a eagrú leis an múinteoir roimh ré, le go mbeidh an múinteoir agus tú féin in ann cúrsaí a phlé go sábháilte & gan aon chur isteach. Rachfaidh an múinteoir i dteagmháil leat chomh luath is gur féidir le socrú oiriúnach a dhéanamh leat. D'fhéadfadh sé gur glooch gutháin, nó cruinniú fíorúil a bheadh i gceist.

Parents are encouraged to discuss with the class teacher or the principal any difficulties their child may be experiencing at school. Unfortunately due to new COVID-19 protocols you will not be able to speak to the teacher directly without contacting the school secretary in order to arrange such a meeting in advance. The teacher will then get back to you as soon as possible to make a suitable arrangement with you. This might be a phone call or a virtual meeting.

## Clúdaigh Aghaidh

Daltaí - Chun amanta tosaithe éagsúla a sheachaint agus cúrsaí scoile a éascú do thuismitheoirí beidh ar na daltaí ar fad clúdach aghaidh a chaitheamh ón uair go dtrasnaíonn siad geata na scoile go sroicheann siad an seomra ranga.



## Face Coverings

Pupils - To facilitate parents and avoid staggered starting times, all pupils must wear face coverings from the time they enter the school grounds until they reach their classrooms.

Is é seo an t-aon bhealach amháin le cinntiú go mbíonn cosaint ó scaipeadh an víreas sa scoil & idir na 'Bolgáin Ranga' agus an oiread sin daltaí ag teacht isteach ag an am chéanna nuair nach féidir scarúint shóisialta a chur i bhfeidhm nó a chinntiú.

With so many children making their way into the school we cannot ensure that social distancing is being adhered to properly during this time and this measure should help to reduce the risk of the spread of the virus in the school & between 'Class Bubbles'.


### Tuismitheoirí & Daoine Fásta

Ní mór do gach duine fásta clúdach aghaidh a chaitheamh ar láthair na scoile (áit ar bith laistigh de gheataí na scoile). Iarraimid freisin ar thuismitheoirí a bhíonn ag fágáil páistí ar scoil ar maidin agus á mbailliú arís um thráthnóna fadú sóisialta a choimeád agus clúdaigh aghaidh a chaitheamh i gcónaí ag na hamanta seo - fiú lasmuigh de gheataí na scoile.

### Parents & other Adults

All adults must wear face coverings when on school grounds (anywhere inside the school gates). We ask parents who drop off children at school in the morning and collect them again in the afternoon to maintain social distancing and to always wear coverings at these times - even outside the school gates.

## Eolas Scoile : School Information



### Foirm Sonraí Pearsanta /Leighis an Phaíste : Child's Personal/Medical Details Form

Foirm Sonraí Pearsanta/Leighis an Phaíste iniata - seol isteach chun na scoile iad ar an gCéadaoin 1 Meán Fómhair le bhúr dtoil. Tá an fhoirm seo fíor-thábhachtach i gcás éagandála.

Child's Personal/Medical Details Form(s) enclosed - please complete and return to the school on Wednesday 1st September. It is imperative that we have this form in case of an emergency etc.

### Fóin Póca & Gléasanna Leictreonach : Mobile Phones & Electronic Devices

Níor cheart do dhaltai fón póca, uaireadóirí cliste nó gléas leictreonach ar bith a cheanglaíonn leis an idirlíon a thabhairt ar scoil a thabhairt ar scoil nó a úsáid i rith am scoile, ar thuras scoile nó le linn ábhair bhreis-churaclam. Is féidir le daltaí gur gá dóibh teagmháil a dhéanamh leis an mbaile i rith am scoile nó thuismitheoir gur mhaith leis/leí teachtaireacht a thabhairt dá bpáiste é sin a dhéanamh tríd oifig an rúnaí ar an bhfón scoile.

Pupils should not bring mobile phones, smart watches or other networked devices with them to school, use them during school time, on school tours or during extra curricular activities. Children who need to contact home during school hours or indeed parents who need to communicate a message to their child may do so through the school secretary using the school landline phone. (see School Policy on Mobile Phones)



### Leabhair Scoile : School Books

Iarraimid ort a chinntiú go bhfuil na leabhair scoile ar fad atá le ceannach agat do do pháiste acu ar an gcéad lá ar ais ar scoil, iad clúdaithe agus ainm an pháiste scríofa orthu (i nGaeilge).

N2 - R6 Bhí cuid de na leabhair le ceannach agaihse i rith an tSamhraidh & beidh an chuid eile ar fáil tríd an scéim iasachta scoile i mí Meán Fómhair.

N1 - Cuirfear na téacsleabhair scoile ar fad do na naionáin shóisearacha ar an gcéad lá ar scoil.

We ask you to ensure that your child/children bring the school books that were to be bought during the **Summer with them to school on the first day back. Please cover schoolbooks and write your child's name** on all of them (in Irish).

N2 – R6 Some books were to be purchased by your selves during the summer holidays while the rest will be made available through our book rental scheme in September.

N1 - The Junior Infant pupils will receive their schoolbooks in school on the first day of school.



### Árachas Timpiste : Personal Accident Insurance

Bhí clúdach árachais pearsanta timpiste 24 uair a chloig don scoilbhliain 2021/2022 san áireamh do gach páiste sa Bhille Scoile a eisíodh i mí an Mheitheamh do dhaltai N2 go R6 agus íoctha ag gach páiste i rang na naionáin shóisearacha freisin mar chuid den **€100 a d'íoc tuistí agus áit á ghlacadh acu sa scoil.**

24 hour personal accident insurance cover was included in the 2021/2022 School Bill that was issued to all pupils in N2 to R6 in June and paid for all junior infant children from the €100 paid on accepting a school place for them.



### Éide Scoile : School Uniform

Is cóir an t-éide scoile iomlán a chaitheamh i gcónaí ach amháin nuair a bhíonn Corp Oideachas ar chlár ama an lae nuair a caithear an culaith spóirt. Dé Luan & Déardaoin N1 - R2, Dé Máirt & Dé hAoine R3 - R6. Tá sé ceadaithe an t-éide scoile samhraidh (bristí gearra dubhghorm & an geansaí spóirt) a chaitheamh i mí Meán Fómhair má bhíonn an aimsir ann chuige ach is gá an téide scoile iomlán a chaitheamh ó mhí Deireadh Fómhair ar aghaidh.

The full school uniform should be worn at all times except on the days when PE is timetabled and the children wear their tracksuits. Monday & Thursday N1 - R2, Tuesday & Friday R3 - R6. The children may wear the 'summer uniform' (navy shorts & sports sweatshirt) in September, weather permitting but the full uniform must be worn from October onwards.



### Bróga Scoile : School Shoes

Cuirim i gcuimhne daoibh gur bróga dubh nó dubhghorm amháin ba cheart a bheith á chaitheamh ag na páistí ar scoil. Níl bróga il-daite ceadaithe.

Please remember that only black or navy shoes are to be worn to school. Multi-coloured shoes are not permitted as they are not part of the school uniform.



### Polasaí Bia Sláintiúil : Healthy Eating Polasaí

Cuirfimid i gcuimhne daoibh go bhfuil polasaí Bia Sláintiúil i bhfeidhm sa scoil. Meallaimid na daltaí le bia sláintiúil ar nós torthaí & glasraí a ithe mar chuid den lón scoile. Iarrtar ar na daltaí torthaí nó glasraí amháin a ithe ag am lón beag agus an chuid eile den lón a ithe ag am lón mór. Iarraimid oraibh gan milseáin, seacláid, crispí, brioscaí nó deochanna milse a bheith ag na páistí ar scoil. Molaimid ceapairí, torthaí agus deoch a bheith acu mar lón. Ní ceadaithear cnónna/bia le cnónna mar chuid den lón mar go bhfuil ailléirge ag roinnt daltaí sa scoil le cnónna.

We would like to remind you that the school has a healthy eating policy. We encourage the children to eat healthy foods such as fruits and vegetables as part of their school lunch. We ask the children to eat fruit and vegetables only at little break with the remaining lunch being eaten at big break! We would ask you to **exclude sweets, chocolate, crisps, biscuits and fizzy drinks from your child's lunchbox. We suggest a lunch** consisting of sandwiches, fruit and a drink. Nuts & foods containing nuts are not allowed in school & should not be sent in to school for lunch as several children in the school suffer from severe nut allergies.



**Am Dul Abhaile : Home Time**

Ag 1.40pm siúlfaí na naíonáin amach go dtí an clós in aice leis an doras ina ndeachaigh siad isteach agus is ansin a bhaileoidh na tuismitheoirí iad. Ag a 2.30pm baileofar R1 ar an gclós os comhair na scoile & R2 ón gclós uile-aimsire. Siúlfaí daltaí ranganna 3 go 6 amach go dtí an geata agus is ansin a bhaileoidh na tuistí nó feidhlithe iad.

At 1.40pm the Infant classes will be brought to yard closest to the door through which they enter the school. Parents/minders will collect them there. At 2.30pm R1 are to be collected from the yard in front of the school and R2 from the all-weather yard. The remaining classes (R3 to R6) will make their way to the school gates to meet with their parents/minders or to walk to a pre-arranged meeting point.

**Éadaí & Giúrléidí : Clothes & Belongings**

Bí cinnte go bhfuil ainm do pháiste ar a c(h)uid éadaí agus giúrléidí (geansaithe & cótaí ach go háirithe).

**Ensure that your child's name is on all his/her clothes and belongings** (especially jumpers & coats).



Google Classroom

**Seomra Ranga Google : Google Classroom**

Leanfear de bheith ag baint úsáide as Google Classroom mar bhealach chun obair bhaile agus achmhainní a roinnt idir an scoil agus an baile. We will continue to use Google Classroom as a means of sharing homework and resources between school and the home.

**Nótaí : Notes**

Seolfar nótaí ón scoil amach ar r-phost. Bí cinnte go léann tú na r-phoist sin! School notices will be sent out via e-mail. Please take the time to read any e-mails that are sent to you from the school.

**Tinreamh : Attendance**


Iarrtar ar thuismitheoirí a chur in iúl don scoil i scríbhinn nuair a bhíonn dalta as láthair ón scoil de bharr tinnis nó eile. Má bhíonn dalta as láthair 20 lá sa scoil bhliain is gá don scoil é sin a chur in iúl don oifigeach Leas Pháistí.

Parents are asked to inform the school if their child is absent from school be it due to illness or other. The school is required to inform the Educational Welfare Officer if a pupil is absent from school for 20 days in any school year.

**Sonraí Teagmhála Scoile : School Contact Details**

Uimhir Gutháin Scoile  
School Phone Number  
01 2950000

Seoladh Ríomhphoist  
E-mail address  
gaelscoil@taobhnacoille.ie

**Suíomh Gréasáin : School Website [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)**

Ná déan dearmad gur féidir cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin Ghaelscoil Thaobh na Coille ag [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie). le heolas a fháil faoin scoil agus faoi imeachtaí reatha scoile. **Don't forget that you can visit our school's website at [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie).** where you will find information about the school and details about school events.

**Cód Smachta : Code of Discipline**

Daltaí Nua : Ní mór do thuismitheoirí uile an cód smachta a léamh go cruinn. Sinigh an fhoirm atá ag cúl an leabhráin lena dheimhniú go bhfuil sé léite agat agus go nglacann tú leis thar cheann do pháiste/pháistí. Gearr amach an leathanach agus seol ar ais chun na scoile í.

New Pupils : It is imperative that all parents read this document carefully. Please sign the form on the last page as verification that you have read the Code of Discipline and that you accept it on behalf of your child/children. Cut out the page and return it to the school.

**Féilire Scoile : 2021/2022 : School Calendar**

Tá cóip d'fhéilire scoile na bliana seo iniata agus tá sé ar fáil freisin ar shuíomh ghréasáin na scoile ag [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie). A copy of the school calendar is enclosed and can also be viewed on the school website at [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)



## Uaireanta Scoile



## School Hours

Tosóidh an scoil do na daltaí i R1 go R6 ag 8.50am. Ní bheidh cead isteach sa scoil ag na daltaí go dtí 8.50am (8.50am go 9.00am am tionóil, tosaíonn an obair ranga ag 9.00am) Nil cead ag páistí a bheith ar láthair na scoile roimh 8.50am. Tosóidh an scoil do na naíonáin ag 9.00am ar feadh tréimhse ama nach bhfuil socraithe fós.

Criochnóidh an lá scoile ag a 2.30pm ach i gcás na naíonáin a rachaidh abhaile ag a 1.40pm ar feadh tréimhse. Ba chóir do na tuismitheoirí socraithe a dhéanamh a bpáistí a bhailiú ag an áit bhailithe, agus an duine a bhéas á mbailiú a bheith lasmuigh scoil ag a 2.30pm Ní ghlacfaidh an scoil freagracht as páiste ar bith i ndiaidh an ama sin.

School will start for the pupils of R1 to R6 at 8.50am. Students will not be allowed into the school until 8.50am. Pupils should not enter school grounds before 8.50am. The school day will begin for the infant classes (N1 & N2) at 9.00am, for an indefinite period.

Classes will end each day at 2.30pm except in the case of the infant classes who will finish at 1.40pm. Parents should make arrangements to have their children met at the collection point and the person to escort them should be outside the school no later than 2.30pm The school cannot accept responsibility for the children after that time.

N2A	Múinteoir Ciara Báille	N2B	Múinteoir Sinéad Ní Chuireáin
Buachaillí		Buachaillí	
1	<u>Seán Ó hArgáin</u>	1	<u>Toby Ó Briain</u>
2	<u>Leo Appleby</u>	2	<u>Daniel Ó Clúmháin</u>
3	<u>Finn Hsu Caswell</u>	3	<u>Oisín Mac Colla</u>
4	<u>Arthur Ó Ciara</u>	4	<u>Jamie Ó Conchubhair</u>
5	<u>Ethan Ó Cuinn</u>	5	<u>Féilim Mac Cormaic</u>
6	<u>Tomás Ó Deasúnaigh</u>	6	<u>Ethan Ó Donnchadha</u>
7	<u>Darragh Ó Domhnaill</u>	7	<u>James Ó Dubhthaigh</u>
8	<u>Jamie Ó Feabhail</u>	8	<u>Harry Ó Duinn</u>
9	<u>Tom Ó Gábháin</u>	9	<u>Oisín Mag Floinn</u>
10	<u>Iarlaith de Lása Ó Briain</u>	10	<u>Conall Ó Laoire</u>
11	<u>Jack Mac Oireachtaigh</u>	11	<u>Levi Ó Meára</u>
12	<u>Jake Ryberg</u>	12	<u>Daire Ó Riada</u>
13	<u>Adam Townsend</u>	13	<u>Rian Ó Rua</u>
Cailíní		Cailíní	
1	<u>Éadaoin Ní Braonáin</u>	1	<u>Simone Charmant</u>
2	<u>Niamh Breathnach</u>	2	<u>Caia Ní Chionnaith Nic Oiste</u>
3	<u>Ellie Ní Cearmada</u>	3	<u>Sarah Ní Chléirigh</u>
4	<u>Caoimhe Clabburn</u>	4	<u>Alexis Déiseach</u>
5	<u>Allison Ní Dhubhconna</u>	5	<u>Éabha Ni Dhea</u>
6	<u>Eliza Ní Ghríofa</u>	6	<u>Ailbhe Dickinson</u>
7	<u>Eve Masún</u>	7	<u>Rose Ní Eachtairn</u>
8	<u>Marnie de Poire</u>	8	<u>Julia Ní Laoire</u>
9	<u>Lucy Nic Seincín</u>	9	<u>Aisling Pléimeann</u>
10	<u>Isabelle Nic Suibhne</u>	10	<u>Sophie Ní Riada</u>
11	<u>Saoirse Ní Throithigh</u>	11	<u>Zalaa Shafaq</u>
12	<u>Ailís Trodd</u>	12	<u>Bella de Spáine</u>
		13	<u>Ellie Nic Toirealaigh</u>



## Teagmháil le Tuistí

## Communication with Parents

Le teagmháil éifeachtach, shoiléir a chinntiú & le heolas contráilte & mí-thuisintí a sheachaint baintear úsáid as na modhanna cumarsáide seo a leanas le heolas maidir le 'Cúrsaí/Gnó Scoile' a scaipeadh ar thuismitheoirí:

In order to ensure effective communication and to avoid confusion and misinformation please note that **information pertaining to all 'School Business' will be communicated to the parents via one of the following methods:**

- Nóta seolta abhaile i mála scoile na ndaltaí  
Hard copy notice sent home in school bags

- Téacs seolta ón Scoil ag na tuistí tríd Text-a-Parent  
A text sent out by the School via Text-a-Parent
- R-phost ón Scoil trí chóras bhunachar sonraí na scoile  
E-mail from school via school's database system
- Nuachtlitir Scoile School Newsletter
- Suíomh Gréasáin na scoile School's Website [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)

**Ní bhaineann an Scoil úsáid as 'What's App'** le teachtaireachtaí maidir le cúrsaí scoile a scaipeadh ar thuismitheoirí.

**The School does not use 'What's App'** to communicate information regarding school business with the parents.

Any parent needing clarification on any issue arising out of any of these communications or any issue relating to school business should contact the school office directly for same.

Guthán Phone: 01 2950000

### 3 Rang Naíonáin

Tá an-áthas orainn a chur in iúl daoibh go mbeidh na naíonáin shóisearacha á roinnt ina trí rang don bhliain seo. Déanfar 2 rang astu an bhliain seo chugainn nuair a bheidh siad ag dul isteach i rang na naíonáin shinsearach agus fanfaidh siad amhlaidh go mbíonn siad i R6.

### 3 Infant Classes

We are delighted to inform you that we will have 3 junior infant classes of 20 pupils each for the coming school year. This arrangement will cease when the children move on to senior infants. They will be split into two classes in senior infants and will remain like that until they reach 6<sup>th</sup> class.

### An Chéad Lá The First Day

An OÍCHE ROIMH RÉ : Féach go bhfuil gach rud - éide scoile, mála, lón, réidh don mhaidin. Féach chuige seo ar bhealach deas réidh - ná biodh an leanbh róchorraithe nó imníoch ag dul a chodladh dó/dí.

The NIGHT BEFORE: Check that all items - uniform, bag, lunch - are ready for the morning. Do this in a calm fashion - **don't have** your child over-excited or anxious going to bed.

An LÁ MÓR : Baileoidh na naíonáin shóisearacha nua agus a dtuismitheoirí ar an gclós os comhair na scoile ag 9.00am. Beifear ag súil go gcleachtófar fadú sóisialta amuigh ar an gclós agus go mbeidh clúdach aghaidh ar gach duine. Beidh ainm ghreamaitheoir le cur ar gach páiste. Beidh áit ar leith marcáilte do gach rang N1A, N1B & N1C. Déanfaidh na páistí linte ranga ansin. Faraor ní bheidh cead ag na tuismitheoirí dul isteach sa bhfoirgneamh scoile nó sa seomra ranga leis na páistí. Fágfaidh na tuismitheoirí slán ag na páistí agus imeoidh siad! Siúlfaidh an múinteoir na páistí isteach sa seomra ranga. Má bhraitheann tú féin ábhairín trí chéile, ná taispeáin é, fág an leanbh leis an múinteoir, agus abair leis/léi go mbeidh tú ar ais ag an am cuí chun é/i a bhailiú. Má tá an leanbh suaite, biodh muinín agat as an múinteoir. Tá taithí mhaith ag an múinteoir agus tuigeann sí conas leanbh imníoch a chur ar a c(h)ompord.

The BIG DAY : The new junior infants and their parents will gather in the yard to the front of the school at 9.00am. Parents will be expected to exercise social distancing and to wear a face covering. A name badge will be provided for each child and they will be asked to stand in their class line. A specific place will be marked for each class N1A, N1B & N1C. Unfortunately parents will not be allowed into **the school building or their child's classroom. Parents will be asked to say goodbye to their children and LEAVE without delay!!!** The children will be brought into the school by the teachers. If you are feeling upset, **don't show it, leave your child with the** teacher, and tell him/her you will be back at the appropriate time to collect him/her. If your child is upset, trust the teacher. the teacher is very experienced and knows how to comfort an anxious child.

CRÍOCH LUATH : Beidh na naíonáin ag dul abhaile ag a 12.00pm ar feadh coicise - Céadaoin 1 Meán Fómhair go Máirt 14 Meán Fómhair



EARLY FINISH : The junior infants will be finishing at **12.00 o'clock** for the first fortnight - Wednesday 1 September until Tuesday 14th of September.

### Ranganna N1 2021/2022

#### N1A Cliona Seoighe

##### Buachaillí

- 1 Conn Ó hAodha
- 2 Calvin Ó Cinnéide
- 3 Jamie Ó Donnabháin
- 4 Fred Ó Dubhgail
- 5 Alex Mac Gearailt
- 6 Tom Mac Giolla Bhríde
- 7 Harry Mac Giolla Chaoin
- 8 Mannix Mac Giolla Phóil
- 9 Gavin Ó Seanacháin
- 10 Oscar Mac Uidhir

##### Cailíní

- 1 Siún Breathnach
- 2 Hannah Nic Cana
- 3 Lucy Ní Chaoineáin
- 4 Rhia Ní Chearúil
- 5 Muireann Ní Fhlannagáin
- 6 Aurelia Geanta
- 7 Ceoladh Ní Mhóráin
- 8 Mia Muszala
- 9 Cara Nic Réamainn

#### N1B Aoifa Ní Earcáin

##### Buachaillí

- 1 Conn Breathnach
- 2 Matthew Mac Cónaill
- 3 Harraí Ó Dell
- 4 Jack Ó Diomsaigh
- 5 Will Ó Fionngaltáin
- 6 Ruairí Ó Gábháin
- 7 Danny Ó Gnímh
- 8 Seán Ó Guiní-lacób
- 9 Tom Ó Lia
- 10 Robbie Ó Néill

##### Cailíní

- 1 Rosie Ní Bhrádaigh
- 2 Dearbhla Breathnach
- 3 Chloe Ní Dhúláinn
- 4 Naoise Ní Ghreacháin
- 5 Evie Ní Mhéalóid
- 6 Síomha Ní Mhurchú
- 7 Lola Ní Roideacháin
- 8 Grace Nic Stiofáin
- 9 Eva Ní Uirlithe Cuinneáin

#### N1C Deirdre Uí Dhónaill

##### Buachaillí

- 1 Iarlaith Ó Braonáin
- 2 Rián Ó Cathaláin
- 3 Ted Ó Ciardubháin
- 4 Dara Ó Corráin
- 5 Bowie Culbert
- 6 Cillian Ó Fearáin
- 7 Daniel Mac Giolla Bhríde
- 8 JJ Oilibhéar
- 9 Sam Mac Uilic

##### Cailíní

- 1 Lucy Ní Chléirigh
- 2 Keeva Ní Dhuinn
- 3 Ellie Nic Gabhann
- 4 Olivia Nic Ionrachaigh-Maonaigh
- 5 Lauren Ní Lionaird
- 6 Heidi Ní Loinsigh
- 7 Isobel Masún
- 8 Ally Ní Mhaoldomhnaigh
- 9 Thea Nic Mhóráin
- 10 Rosa Seac-Ceallaigh

## Clár Sacraiminte Paróiste Áth an Ghainimh: Uasdátú

### Parish Sacramental Programme: Update

#### Plean Foriomlán & Dátaí Sealadacha

**Tá sé curtha in iúl ag Gillian O'Dwyer Gillian, Comhordaitheoir Clár Sacraiminte Paróiste Ath an Ghainimh dúinn go bhfuil searmanais Cóineartaithe agus Comaoineach an Pharóiste sceidealta do na míonna amach romhainn. Cé nach bhfuil na dátaí agus na sonraí sonracha tugtha chun críche fós, theastaigh uaim sibh a chur ar an eolas faoin sceideal atá beartaithe ionas gur féidir libh na dátaí féideartha a mharcáil sa dialann agus iad a choinneáil saor. Rachaimid i dteagmháil libh arís a thúsce is a bhíonn na dátaí, na hamanna agus na hionaid deimhnithe agus nuair a bhíonn sonraí sa bhreis againn le roinnt libh.**

#### Dátaí Sealadacha

- **Cóineartú 2021:** Beidh na Cóineartaithe ar siúl ó lár mhí Mheán Fómhair go 1 Deireadh Fómhair (Dé Céadaoin, Déardaoin agus Dé hAoine i rith an lae)
- **Comaoineach 2020:** Beidh Comaoineach 2020 ar siúl gach Satharn i rith mí Deireadh Fómhair
- **Comaoineach 2021:** Beidh Comaoineach 2021 ar siúl gach Satharn i mí na Samhna agus an chéad Satharn de mhí na Nollag.

#### Cóineartú 2021 (R6 2020/2021)

Samhlaítear go mbeidh Searmanais Cóineartaithe Ghaelscoil Thaobh na Coille sceidealta le haghaidh ceann amháin nó dhá cheann de na dátaí seo a leanas: 29 Meán Fómhair, 30 Meán Fómhair nó 1 Deireadh Fómhair. Toisc go bhfuil srian ar líon na ndaoine a bhfuil cead acu freastal ar sheirbhís eaglasta faoi láthair beidh cúpla searmanais ann do gach rang. Tá an tAthair John ag féachaint ar an bhféidearacht ar gCóineartaithe a cheiliúradh i séipéal níos mó taobh amuigh den pharóiste, rud a chiallóidh go mbeadh níos lú searmanais againn mar go bhféadfadh séipéal níos mó freastal ar 2 phod de 50 do gach searmanas. Beidh cead ag gach dalta 3 duine fásta a bheith in éineacht leo ag an searmanas an Chóineartaithe (2 thuismitheoir / chaomhnóir & 1 Caras Críost). Beidh na Cóineartaithe ar siúl i rith an lae scoile.



Rachaimid i dteagmháil libh arís nuair a bheidh na dátaí, na hamanna agus na hionaid deimhnithe agus nuair a bhíonn níos sainiúla faighte againn. D'fhéadfadh sé go ndéanfaimis cruinniú a eagrú do na daltaí sa scoil roimh an Chóineartú d'fhonn iad a ullmhú don searmanas agus lena chinntiú go mbeidh siad compordach ar an lá.

#### Overall Plan & Provisional Dates

**Gillian O'Dwyer Gillian, Sandford Parish Sacramental Programmes Coordinator** has informed us of the good news that the **Parish's Confirmation and Communion** ceremonies have been scheduled for the coming months. Although the specific dates and details have yet to be finalised, I wanted to inform you of the planned schedule so that you can pencil the possible dates into your diary and keep them free. We will contact you again once the dates, times, and venues have been confirmed and will hopefully have specific details for you at that time.



#### Provisional Dates

- 2021 Confirmations will take place from mid September to 1st of October (on Wednesdays, Thursdays and Fridays during the day)
- 2020 Communion will take place each Saturday throughout October
- 2021 Communion will take place on the Saturdays of November and the first Saturday of December.

#### 2021 Confirmation (R6 2020/2021)

It is envisaged that Gaelscoil Thaobh na Coille's Confirmation Ceremonies will be scheduled for one or two of the following dates: 29<sup>th</sup> of September, 30<sup>th</sup> of September or 1st of October.

As the number of people allowed to attend church services is restricted at present there will have to be several ceremonies for each class. Fr John is looking into the option of celebrating our Confirmation in a larger church outside the parish, which would mean we would have fewer ceremonies as a bigger church could accommodate 2 pods of 50 for each ceremony.

Each pupil being confirmed will be accompanied by 3 adults at the ceremony (2 parents/guardians & 1 sponsor). The Confirmation ceremonies will take place during the school day.

We will contact you again once the dates, times, and venues have been confirmed and will hopefully have more specific details for you at that time. We may also arrange a meeting for the pupils in the school prior to the Confirmation in order to prepare them for the ceremony on the day.

## Polasaí Éide Scoile School Uniform Policy

*Is gá do na páistí ar fad ó rang a 1 go rang a 6 an t-éide scoile iomlán, atá luaite thíos, a chaitheamh. Caithear an culaith spóirt lá amháin sa tseachtain i.e. an lá go ndéantar corp oideachas. Tá sé de rogha ag na naíonáin an culaith spóirt nó an t-éide scoile a chaitheamh. Molaimid go gcaitheadh na naíonáin ar fad an culaith spóirt.*

All pupils from first to sixth class must wear the school uniform specified below. The school tracksuit is worn once a week i.e. P.E. day. The infants have the option of wearing the tracksuit or the uniform. We strongly recommend that all infants wear tracksuits.

### Éide Scoile

Pirilín breacán (dúghorm, gorm, glas) nó  
filleadh beag (R5/R6) nó treabhsar dúghorm  
Cairdeagan nó geansaí dúghorm (le suaitheantas na scoile)  
Blús bhán, léine bhán nó léine póló bhán  
Carbhat breacán (roghnach)  
Bróga leathair/bróga reatha dubh nó dúghorm  
Stocáí/riteoga dúghorm

### Culaith Spóirt

Culaith Spóirt dúghorm (le suaitheantas na scoile)  
Léine póló bhán  
Bróga Reatha (aon dath - dubh/dúghorm/bán)

### Éide Scoile Samhraidh

Ceadaítear brístí gearra dúghorm agus léine póló bhán a chaitheamh i mí Bealtaine, Meitheamh agus Meán Fómhair nuair a bhíonn aimsir the ann.

### Bróga Rince

Molann an múinteoir rince go mbeadh bróga ag na páistí don rince (plimsoles dubh).

Éide Scoile agus Culaith Spóirt ar fail ó:

#### The Schoolwear House

Unit D, Eastáit Tionscail Chrois Baile an Mhóta,  
Baile an Mhóta,  
B.Á.C. 24.  
T: (01) 4604371  
E-mail: [www.schoolwearhouse.ie](http://www.schoolwearhouse.ie)

### School Uniform

Tartan pinafore (navy, blue, green in colour) or  
kilt (5<sup>th</sup> /6<sup>th</sup> class) or navy trousers  
Navy cardigan or jumper (with school crest)  
White blouse, white shirt or white polo shirt  
Tartan tie (optional)  
Navy or black leather shoes/runners  
Navy socks/tights

### P.E. Uniform

Navy tracksuit (with school crest)  
White polo shirt  
Runners (plain - black/navy/white)

### Summer Uniform

Navy shorts and white polo shirt may be worn during the months of May, June and September when the weather is fine.

### Dance Shoes

Our dance teacher recommends that the pupils have soft shoes for dancing (black plimsoles).

School Uniform and Tracksuit available from:

#### The Schoolwear House

Unit D7, Ballymount Cross Industrial Estate,  
Ballymount,  
Dublin 24.  
T: (01) 4604371  
E-mail: [www.schoolwearhouse.ie](http://www.schoolwearhouse.ie)

